Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11145/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0231 (COD)**

| | |
|---|---|
| **COMPET 674** | **AGRILEG 110** |
| **MI 497** | **SAN 426** |
| **IND 242** | **DENLEG 28** |
| **CONSOM 124** | **PHYTOSAN 22** |
| **JUSTCIV 124** | **SEMENCES 22** |
| **AGRI 321** | **STATIS 48** |
| **AGRIFIN 75** | **ECOFIN 940** |
| **VETER 70** | **CADREFIN 77** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>ar an meastóireacht eatramhach ar Chlár an Mhargaidh Aonair 2021-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 347 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 347 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
COM(2025) 347 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**ar an meastóireacht eatramhach ar Chlár an Mhargaidh Aonair 2021-2027**

{SEC(2025) 195 final} - {SWD(2025) 172 final}

## 1. RÉAMHRÁ

Is é clár an mhargaidh aonair ('an clár' nó 'SMP') clár cistiúcháin an Aontais a ceapadh chun cuidiú leis an margadh aonair a acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus téarnamh fadtéarmach na hEorpa ó phaindéim COVID-19 a áirithiú. **Bunaíodh SMP le Rialachán (AE) 2021/690** do thréimhse bhuiséad fadtéarmach 2021-2027 an Aontais (ar a dtugtar an creat airgeadais ilbhliantúil)[1].

Leagtar amach dhá **chuspóir ghinearálta** in Airteagal 3.1 den Rialachán maidir le SMP:

- 'feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, agus go háirithe saoránaigh, tomhaltóirí agus gnólachtaí a chosaint agus a chumhachtú, go háirithe FBManna, trí dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú, rochtain ar an margadh a éascú, caighdeáin a leagan síos agus sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí, agus leas ainmhithe a chur chun cinn, agus ag an am céanna prionsabail na forbartha inbhuanaithe a urramú agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú, chomh maith le comhar idir údaráis inniúla na mBallstát a fheabhsú agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún agus gníomhaíochtaí díláraithe an Aontais a fheabhsú;
- staidreamh Eorpach ardcháilíochta, inchomparáide, iontaofa, tráthúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh a thacaíonn le beartais uile an Aontais a cheapadh agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus cuidiú le saoránaigh, lucht ceaptha beartais, údaráis, gnólachtaí, an lucht acadúil agus na meáin, cinntí eolasacha a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach.

Leagtar amach sa Rialachán (Airteagal 3.2) cuspóirí sonracha freisin, arb iad is bunús le struchtúr colúin an chláir:

- Colún 1: An margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí.
- Colún 2: Iomaíochas agus inbhuanaitheacht fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a neartú.
- Colún 3: Caighdeáin Eorpacha éifeachtacha agus caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais agus neamhairgeadais a áirithiú.
- Colún 4: Leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí agus sábháilteachta táirgí a áirithiú.
- Colún 5: Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus sábháilteachta do dhaoine, d'ainmhithe agus do phlandaí i réimsí na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha.
- Colún 6: Staidreamh Eorpach ardcháilíochta a fhorbairt, a tháirgeadh, a scaipeadh agus a chur in iúl.

Faoi **Airteagal 18** den Rialachán SMP, ní mór don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh laistigh de 4 bliana tar éis thús a chur lena chur chun feidhme, meastóireacht a úsáidfear sa phróiseas cinnteoireachta. Cumhdaítear leis an meastóireacht eatramhach tréimhse cur chun feidhme 2021-2023.

Déantar measúnú sa mheastóireacht ar an gclár i gcomparáid lena **chuspóirí ginearálta agus sonracha**. I gcomhréir leis na **Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr**, tá an mheastóireacht bunaithe ar an anailís ar chúig chritéar meastóireachta (éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE, ábharthacht). Déantar measúnú sa

[1] Rialachán SMP - 2021/690 - GA - EUR-Lex.

mheastóireacht freisin ar thrí chritéar bhreise maidir le dearadh an chláir (solúbthacht, sineirgí, simpliú). Mar gheall ar dhearadh casta SMP, glacadh cur chuige ón mbun aníos, colún ar cholún, le haghaidh na meastóireachta sin. Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar fheidhmíocht gach colúin in aghaidh a chuspóirí sonracha chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar rannchuidigh siad le cuspóirí ginearálta SMP agus teacht ar chonclúidí le haghaidh an chláir ina iomláine. **Léirítear an cur chuige sin sa tuarascáil seo.**

Cuideoidh na torthaí, na conclúidí agus na ceachtanna a foghlaimíodh leis an gCoimisiún a chuid oibre a phleanáil don tréimhse atá fágtha den chreat airgeadais ilbhliantúil. Beidh sé sin ina bhonn láidir chun cláir agus gníomhaíochtaí amach anseo a dhearadh don mhargadh aonair sa tréimhse airgeadais tar éis 2027.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar **dhoiciméad inmheánach** oibre meastóireachta, arna chur le chéile ag an gCoimisiún, a ghabhann leis an tuarascáil. Soláthraítear tuilleadh mionsonraí sa doiciméad inmheánach oibre maidir leis an bpróiseas meastóireachta agus na torthaí. Thacaigh conraitheoir seachtrach leis an gcleachtadh, agus cuireadh de chúram air **staidéar neamhspleách** a sholáthar a úsáideadh chun tacú le torthaí na meastóireachta. Úsáidtear sa mheastóireacht freisin fianaise a eascraíonn as gníomhaíochtaí comhairliúcháin, as an measúnú tionchair, as tuarascálacha faireacháin, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, agus as sonraí ábhartha eile.

Áiríodh sa mhodheolaíocht mheastóireachta anailís ar shonraí agus triantánú torthaí ó na foinsí éagsúla a úsáideadh. Tugadh aghaidh ar roinnt **dúshlán agus teorainneacha** le linn na meastóireachta ar féidir iad a ghrúpáil in dhá chatagóir. Áirítear sa chéad chatagóir dúshláin a bhaineann le heaspa comhstruchtúr tuairiscithe agus córas táscairí lena léireofaí castacht ailtireacht SMP agus cineál éagsúil a ghníomhaíochtaí colúin agus lena léireofaí dul chun cinn agus tionchar carnach an chláir. Baineann an dara catagóir le sonraí príomhúla agus tánaisteacha neamhleordhóthanacha mar gheall ar líon teoranta freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí, aiseolas measartha ar an nglao ar fhianaise, agus sonraí staidrimh neamhleordhóthanacha chun costais agus tairbhí an chláir agus na torthaí a tháirgtear a chainníochtú.

## 2. CÚLRA

Le Clár an Mhargaidh Aonair, comhdhlúthaítear na línte buiséid a bhí ann roimhe sin agus sé mhórchlár ón tréimhse airgeadais roimhe sin (2014-2020). Comhtháthaíonn sé tionscnaimh amhail COSME, an Clár Tomhaltóirí, agus Clár an Bhiashlabhra in aon chreat amháin.

Is é Clár an Mhargaidh Aonair príomhionstraim chistiúcháin an Aontais chun an margadh aonair a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn. Ailíníonn fócas straitéiseach SMP ar fhás eacnamaíoch a chothú, bacainní a laghdú agus borradh a chur faoin gcomhar lena chuspóirí uileghabhálacha maidir le margadh aonair láidir comhtháite a áirithiú.

Is é EUR 4 353 mhilliún buiséad iomlán SMP don tréimhse 2021-2027. Leithdháil SMP EUR 1 909 milliún le linn a chéad trí bliana, arb ionann é agus 44 % den bhuiséad iomlán. Leithdháileadh cistí SMP thar na chéad 3 bliana den chur chun feidhme (2021-2023) i

gcomhréir leis na méideanna a léirítear sa Rialachán. Tá leithdháileadh na gcistí ar fud na gcolún éagsúil fós ailínithe leis an gcreat a leagtar amach sa Rialachán maidir le SMP[2].

Tá an clár **struchtúrtha thart ar shé cholún**, agus gach ceann acu spriocdhírithe ar chuspóirí sonracha. Le Rialachán SMP, leithdháileadh sciartha táscacha den bhuiséad iomlán ar gach colún. Déantar cistí an chláir a dháileadh trí shásraí éagsúla atá saincheaptha do riachtanais shonracha gach colúin.

Cuimsítear an méid seo a leanas leis na **príomhghníomhaíochtaí** a dtacaíonn SMP leo:

- bailiú sonraí, anailís, staidreamh oifigiúil Eorpach, staidéir agus meastóireachtaí chun tacú le forfheidhmiú agus nuachóiriú éifeachtach chreat dlíthiúil an Aontais;
- tionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus éascú gníomhaíochtaí comhpháirteacha i measc na mBallstát, a n-údarás ábhartha, an Choimisiúin agus ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais;
- tacaíocht airgeadais do shásraí lena gcuirtear é ar a gcumas do dhaoine aonair, tomhaltóirí agus ionadaithe gnó páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta;
- malartú agus scaipeadh saineolais agus eolais a fheabhsú;
- comhchaighdeáin Eorpacha a tharraingt suas.

Tacaíonn **Colún 1** leis an margadh inmheánach, mar shampla, trí **bheartais iomaíochta agus sásraí láidre faireachais margaidh** a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus leithdháileadh EUR 557 milliún (13 %) air. Gníomhaíochtaí arna gcistiú ag conarthaí soláthair amhail ardáin dhigiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear CASE@EC agus Safety Gate, rud a chuir feabhas ar fhorfheidhmiú iomaíochta agus a d'éascaigh cleachtais mhargaidh níos sábháilte. Thug na gníomhaíochtaí sin aghaidh go díreach ar an gcuspóir maidir le margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a choinneáil ar bun.

Tacaíonn **Colún 2** le **FBManna trí iomaíochas a chothú, rochtain ar mhargaí a éascú agus na haistrithe digiteacha agus glasa a chumasú** agus leithdháileadh EUR 1 bhilliún (24 %) air. Thacaigh deontais le soláthar seirbhísí comhairleacha saincheaptha agus deiseanna líonraithe idirnáisiúnta trí thionscnaimh shuaitheanta, amhail: (i) An Líonra Fiontar Eorpach (EEN), lena gcuirtear é ar a gcumas FBManna leathnú isteach i margaí nua agus teicneolaíochtaí digiteacha agus glasa a ghlacadh; agus (ii) Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga, lenar éascaíodh malartuithe trasteorann, rud a chothaigh nuálaíocht agus fás fiontraíochta.

Neartaíonn **Colún 3 próisis chaighdeánaithe** agus creataí tuairiscithe chun cleachtais mhargaidh chomhchuibhithe a áirithiú agus leithdháileadh EUR 221 mhilliún (5 %) air. Thacaigh ranníocaíochtaí le heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus deontais shonracha le forbairt agus cur chun feidhme caighdeán comhchuibhithe, lena n-áirithítear comhoiriúnacht agus lena n-éascaítear trádáil laistigh den Aontas Eorpach agus lena gcuidítear le hiomaíochas domhanda an Aontais a choinneáil ar bun.

Le **Colún 4**, cuirtear **cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí** chun cinn trí thionscnaimh chomhordaithe forfheidhmithe agus fothaithe acmhainneachta agus leithdháileadh EUR 189,5 milliún (4 %) air. Le deontais agus le soláthar maoiníodh cláir fothaithe acmhainneachta d'údaráis náisiúnta agus neartaíodh sásraí sásaimh tomhaltóirí. I measc na samplaí tá na Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí (ECCanna), a réitigh na

[2] Léirítear in Airteagal 4 den Rialachán maidir le SMP méideanna cistiúcháin sonracha le haghaidh gach colúin in euro.

mílte díospóidí trasteorann, agus an t-ardán Safety Gate, lenar cumasaíodh táirgí neamhshábháilte a shainaithint agus a bhaint níos tapúla, agus leasanna tomhaltóirí á gcoimirciú.

Tugann **Colún 5** aghaidh ar **dhúshláin sláinte agus sábháilteachta** in earnáil an bhia agus in earnáil na talmhaíochta trí bhearta coisctheacha, rialú galar agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn agus leithdháileadh EUR 1,68 billiún (40 %) air. Thacaigh deontais le bearta agus cláir éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta agus le gníomhaíochtaí frithsheasmhachta frithmhiocróbacha agus coisc ar chur amú bia. Ina theannta sin, mhaoinigh conarthaí soláthair tionscnaimh oiliúna faoin gclár 'Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte' (BTSF). Neartaigh na gníomhaíochtaí sin bearta coisctheacha galar, chuir siad feabhas ar chomhlíonadh rialacha an Aontais, neartaigh siad sábháilteacht sláinte poiblí agus chuidigh siad le slabhra an tsoláthair bia a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Cuireann **Colún 6 staidreamh Eorpach ardcháilíochta** ar fáil, lena gcuirtear bonn láidir fianaise ar fáil le haghaidh ceapadh beartas agus cinnteoireacht agus leithdháileadh EUR 552 mhilliún (13 %) air. Le conarthaí soláthair agus deontais d'oifigí staidrimh náisiúnta, bhíothas in ann tacair sonraí láidre a tháirgeadh, lena n-áirítear nuashonruithe tráthúla ar tháscairí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Áirithíodh leis na gníomhaíochtaí sin go raibh rochtain ag lucht ceaptha beartas ar shonraí iontaofa agus ábhartha chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn.

## 3. PRÍOMHTHORTHAÍ

Mar gheall ar struchtúr uathúil SMP agus toisc go ndéantar gníomhaíochtaí trí bhíthin cholúin an chláir, dírítear san anailís ar na cuspóirí sonracha mar bhonn chun torthaí a sholáthar don chlár ina iomláine. Léirítear sa mheastóireacht eatramhach ar an gclár **conclúidí dearfacha le haghaidh na chéad 3 bliana den chur chun feidhme (2021-2023).** Léiríodh sa mheastóireacht gur rannchuidigh na príomhghníomhaíochtaí cistithe le cuspóirí ginearálta agus sonracha SMP a bhaint amach. D'ainneoin na gconclúidí dearfacha foriomlána ag an gcéim mheántéarma seo den chur chun feidhme, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur air.

### 3.1. Éifeachtacht

Léirigh SMP éifeachtacht maidir lena chuspóirí a bhaint amach, **cé** gur féidir roinnt feabhsuithe a bheith ann toisc go mbíonn an éifeachtacht éagsúil ar fud na gcolún éagsúil.

Thacaigh na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag SMP faoi **Cholún 1** go héifeachtach le feabhas a chur ar uirlisí digiteacha ar fud réimsí beartais éagsúla, lena n-áirítear beartas iomaíochta, faireachas margaidh, seirbhísí airgeadais agus faisnéis do thomhaltóirí. Chuir na huirlisí sin feabhas ar fhorfheidhmiú rialacha iomaíochta trí réitigh dhigiteacha shonracha a chur in úsáid, rud a chuir feabhas ar an gcomhar le húdaráis iomaíochta náisiúnta (NCAnna) agus leis na Ballstáit. Léiríonn samplaí amhail CASE@EC, uirlis bainistithe cásanna, agus eRFI, ardán leictreonach imscrúdaitheach an Choimisiúin, dul chun cinn, cé nach bhfuil cur in úsáid CASE@EC ar fud ionstraimí beartais iomaíochta curtha i gcrích ach go páirteach agus gur gá deireadh a chur leis na huirlisí bainistithe cásanna oidhreachta de réir a chéile fós. Ina theannta sin, tá uirlisí amhail An Eoraip Agatsa agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) tar éis tacú go mór le comhar riaracháin agus le rochtain phoiblí ar fhaisnéis an Aontais. Mar sin féin, leagtar béim sa mheastóireacht ar a

thábhachtaí atá sé aiseolas ó úsáideoirí a bhailiú go tráthrialta chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar níos leithne na n-uirlisí sin.

Léiríonn **Colún 2** éifeachtacht maidir lena chuspóirí a bhaint amach, agus torthaí láidre á mbaint amach ag tionscnaimh shuaitheanta amhail an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) agus Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga (EFÓ). Tuairiscíonn cliaint EEN rátaí sástachta an-ard agus éifeachtaí inláimhsithe ar fheidhmíocht ghnó, agus léiríonn malartuithe EFÓ rátaí arda ratha agus tionchair foghlama dheimhnithe. Bhain Euroclusters úsáid éifeachtach as tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe chun tacú le hathléimneacht, digitiú agus glasú FBManna. Tá torthaí substaintiúla bainte amach ag gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an idirnáisiúnú, lena n-áirítear Deasca Cabhrach um Chearta Maoine Intleachtúil (IP) agus Ionad AE-na Seapáine, le rátaí arda sástachta agus líon mór FBManna a dtacaítear leo.

Go héifeachtach, chuir **Colún 3** borradh faoi rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i bpróisis Eorpacha um chaighdeánú agus mhéadaigh sé glacadh caighdeán Eorpach, rud a thacaíonn le comhchuibhiú agus le príomhchuspóirí beartais. Cé gur bhain eagraíochtaí amhail an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) rátaí láidre glactha náisiúnta amach, tá dúshláin fós ann maidir le hionadaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta a áirithiú agus feidhmíocht ETSI a fheabhsú. Thacaigh an colún go héifeachtach freisin le caighdeáin ardcháilíochta a fhorbairt le haghaidh tuairisciú agus iniúchóireacht airgeadais agus neamhairgeadais. Trí chistiú SMP, d'éirigh leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) an chéad tacar den Chaighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) a fhorbairt agus chuir sé tuairimí an Aontais chun cinn sa tuairisciú airgeadais, agus neartaigh an Bord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB) formhaoirseacht ar chaighdeáin iniúchóireachta, lenar cuireadh feabhas ar ionadaíocht ilpháirtithe leasmhara agus tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le leas an phobail.

Bhí ról lárnach ag **Colún 4** maidir le cosaint tomhaltóirí a choinneáil ar bun agus a neartú go héifeachtach ar fud an Aontais agus borradh a chur faoi rannpháirtíocht tomhaltóirí i gceapadh beartas. Go háirithe, tá sé sin a bhuí le hobair an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, an chórais foláirimh Safety Gate, ECCanna agus an tionscnaimh sábháilteachta táirgí SSCS, chomh maith le habhcóideacht ó eagraíochtaí tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais trí Bhiúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC). Neartaigh an colún go héifeachtach freisin rannpháirtíocht tomhaltóirí i gceapadh beartas seirbhísí airgeadais. Chuir Finance Watch agus Better Finance go mór le díospóireachtaí beartais, le feasacht a mhúscailt agus le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí. Mar sin féin, léiríonn torthaí suirbhé go bhfuil gá le níos mó infheictheachta agus cumarsáid níos fearr maidir le gníomhaíochtaí na n-eagraíochta sin.

Rannchuidigh **Colún 5** go héifeachtach le feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ar fud an Aontais. Thacaigh sé le díothú agus srianadh galar ainmhithe, amhail fiabhras Afracach na muc (ASF) agus fliú éanúil ardphataigineach (HPAI), agus le cásanna laghdaithe d'ionfhabhtú brúsallóise, confaidh agus *Salmonella* i bpobail éanlaithe clóis. Chuidigh na bearta cómhaoinithe leis na Ballstáit lotnaidí plandaí a dhíothú nó a shrianadh, amhail *Xylella fastidiosa*, ciaróg fhadadharcach agus néimeatóid ghiúise. Tuairiscíonn na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara tionchair dhearfacha trí bhíthin sonraí cainníochtúla; ní léir, áfach, a mhéid a rannchuidigh SMP leis na torthaí sin. Leis an tsolúbthacht i gcláir oibre tréidliachta agus fíteashláintíochta, bhíothas in ann acmhainní a athdháileadh ar dhúshláin phráinneacha, rud a chuir borradh faoin éifeachtacht. Mar sin féin, tá dúshláin bhuiséadacha ann d'údaráis éagsúla na mBallstát mar gheall ar rátaí cómhaoinithe laghdaithe. Chuir Colún 5 go héifeachtach le feabhas a chur ar scileanna

agus ar chomhroinnt eolais idir páirtithe leasmhara trí bhíthin chlár BTSF, saotharlann tagartha an Aontais agus líonraí lárionaid tagartha. Chuidigh sé go héifeachtach freisin le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac, cur amú bia a chosc agus caighdeáin leasa ainmhithe a fheabhsú.

Le **Colún 6**, cuireadh feabhas éifeachtach ar cháilíocht agus ar thráthúlacht an staidrimh Eorpaigh, rud a chuireann bonn láidir fianaise ar fáil le haghaidh ceapadh beartas ar fud an mhargaidh aonair agus príomhréimsí amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus cearta sóisialta. Bhí ról criticiúil ag sonraí Eurostat maidir le mórstraitéisí an Aontais a mhúnlú, lena n-áirítear Next Generation EU, an Comhaontú Glas don Eoraip agus RePowerEU, agus freagairtí éifeachtacha ar ghéarchéimeanna amhail an ghéarchéim fuinnimh agus COVID-19 á n-éascú freisin. Leathnaigh an Clár Staidrimh Eorpach (ESP) cumhdach staidrimh agus thug sé isteach feabhsuithe modheolaíochta, foinsí nua sonraí agus próisis bhailíochtaithe níos fearr, rud a chuir go mór le hiontaofacht sonraí. Cuireann leibhéil arda muiníne úsáideoirí as staidreamh Eorpach, agus muinín á léiriú ag 95 % de na freagróirí in 2024, béim ar rath an cholúin maidir le riachtanais an lucht ceaptha beartas agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh.

### 3.2. Éifeachtúlacht

Bhí cur chun feidhme an chláir **éifeachtúil**, agus bhí leithdháileadh éifeachtúil acmhainní agus comharthaí costéifeachtachta ann. Measann tairbhithe go ginearálta go bhfuil costais agus tairbhí comhréireach, gan ualach riaracháin díréireach. Mar sin féin, tá deis ann gníomhaíochtaí colúin a dhéanamh níos éifeachtúla, mar shampla maidir leis an uirlis eGrants.

Neartaíodh éifeachtúlacht SMP i **gColún 1** trí chistí a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí soláthair arna mbainistiú trí phróiseas tairisceana an Choimisiúin, rud a d'fhág gur féidir seirbhís spriocdhírithe atá tíosach ar acmhainní a sholáthar. Rinneadh uirlisí digiteacha amhail eRFI agus IMI a fhorbairt agus a choinneáil ar bun ar chostas íseal, cuireadh in ionad córais iomarcacha iad agus chuir siad feabhas ar chomhroinnt faisnéise idir údaráis náisiúnta, gnólachtaí agus an pobal. D'ainneoin na n-éachtaí sin, tugadh gnóthachain éifeachtúlachta theoranta faoi deara i gcomhdhlúthú na línte buiséid, gan ach mionsimplithe riaracháin agus sásraí feabhsaithe um aistriú buiséadach tugtha faoi deara i gcomparáid leis an tréimhse mhaoinithe roimhe sin. Tá iarrachtaí chun éifeachtúlacht a uasmhéadú trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus piarfhoghlama, amhail roghanna costais le haghaidh deontas a shimpliú, fós ina réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

Is uirlis éifeachtúil í Tacaíocht Airgeadais **Cholún 2** le haghaidh Thríú Páirtithe (FSTP) chun tacú le gnólachtaí beaga ach d'fhéadfadh ualaí riaracháin a bheith mar thoradh uirthi a chuirtear ar chuibhreannais bheaga a bhfuil níos lú taithí acu agus a fhaigheann cistiú SMP. Go ginearálta, measann tairbhithe go bhfuil na ceanglais riaracháin réasúnta, agus tuairiscíonn cliaint FBManna EEN go bhfuil seirbhísí ailínithe go héifeachtúil le riachtanais ghnó. Próisis a shimpliú, amhail trí theimpléid chaighdeánacha a fhorbairt, ardán lárnach bainistíochta agus coinníollacha íocaíochta níos fearr, is modhanna iad sin chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus is fearr gníomhaíochtaí cláir níos lú a fhorchoimeád le haghaidh cásanna a bhfuil údar soiléir leo, amhail cineálacha cur chuige nuálacha a phíolótú.

Tá feabhas curtha ag **Colún 3** ar thrédhearcacht tuairiscithe airgeadais, rud atá cuíchóirithe trí chostais aonaid a thabhairt isteach. Mar sin féin, chruthaigh an t-aistriú tosaigh ualach riaracháin, lena n-áirítear próisis dhúblacha eGrants agus aisíocaíochtaí taistil neamhleordhóthanacha le linn tréimhsí boilscithe. Bhainistigh tairbhithe cistí go

héifeachtúil chun luach ar airgead a áirithiú agus d’oibrigh siad go gníomhach chun foinsí cistiúcháin a éagsúlú, ach tá éagsúlacht sa dul chun cinn ar fud eagraíochtaí amhail Fondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (Fondúireacht IFRS), an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus an Bord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB). Tá sé criticiúil cistiú poiblí leordhóthanach a áirithiú do EFRAG agus samhail chistiúcháin inbhuanaithe a áirithiú do PIOB chun neamhspleáchas a choinneáil agus chun tacú le tuairisciú corparáideach agus inbhuanaitheachta ardcháilíochta, atá fíor-riachtanach d’infheisteoirí agus do mhargaí caipitil.

I **gColún 4**, tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht an aistrithe chuig soláthar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tomhaltóirí atá ag teacht chun cinn, amhail cearta digiteacha agus sábháilteacht táirgí, agus tacaítear leis sin le fianaise a bhailítear trí shuirbhéanna agus staidéir. Léirigh Better Finance táirgiúlacht agus éifeachtacht ard, ag baint amach aschuir mhóra in aghaidh an duine agus ag baint barr feabhais amach i gcomparáid le heagraíochtaí den mhéid chéanna. Ar an gcuma chéanna, choinnigh Finance Watch ardleibhéal éifeachtúlachta, ag táirgeadh aschuir fhairsinge, go háirithe i ngníomhaíochtaí cumarsáide, agus ag an am céanna chuir sé obair ardcháilíochta ar fáil maidir le míchleachtas airgeadais, maoiniú do FBManna glasa agus rófhéichiúnas.

Thacaigh **Colún 5** le cláir thréidliachta agus fíteashláintíochta go héifeachtúil, agus acmhainní á n-athdháileadh go héifeachtach ar ghalair tosaíochta, amhail ASF agus HPAI, agus ag an am céanna cómhaoiniú a dhéanamh ar bhearta chun ráigeanna lotnaidí plandaí a mhaolú, amhail *Xylella fastidiosa* agus néimeatóid ghiúise. Le hanailísí costéifeachtachta ar fhreagairtí arna gcistiú ag SMP ar HPAI agus *Xylella fastidiosa*, cuirtear i dtábhacht ról an chláir maidir leis an ualach airgeadais ar na Ballstáit a mhaolú. Leis an tacaíocht d’Ardán na Eagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), neartaíodh cur chun feidhme caighdeán leasa ainmhithe agus forfheidhmiú ar fud na hEorpa. Thaifead clár BTSF laghdú mór ar chostais aonaid in aghaidh na hoiliúna agus in aghaidh an rannpháirtí freisin, go príomha mar gheall ar an aistriú chuig formáidí ar líne.

Tá éifeachtúlacht léirithe ag **Colún 6** maidir le leithdháileadh acmhainní, agus aithníonn páirtithe leasmhara costéifeachtacht ESP agus na tairbhí comhréireacha a bhaineann sé amach. Rannchuidigh uathoibriú agus próisis staidrimh chuíchóirithe le gnóthachain éifeachtúlachta, atá nasctha le laghdú ar acmhainní daonna laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE). Mar sin féin, tugann páirtithe leasmhara rabhadh go bhféadfadh aon laghduithe breise ar fhoireann bac a chur ar chumas ESP éilimh mhéadaitheacha ar staidreamh mionsonraithe agus tráthúil a chomhlíonadh agus infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua. D’éirigh le simpliú reachtach agus glacadh uirlisí leictreonacha an t-ualach riaracháin a laghdú, agus thuairiscigh páirtithe leasmhara go raibh rath measartha air sa réimse sin. Thacaigh spleáchas ESP ar fhoinsí éagsúla maoinithe, lena n-áirítear cistí fotharmligthe, le staidreamh saincheaptha a fhorbairt. Mar sin féin, cuireann na páirtithe leasmhara i dtábhacht a thábhachtaí atá struchtúr cistiúcháin lena n-áirithítear neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fhadtéarmach.

### 3.3. Comhleanúnachas

Fuarthas amach sa mheastóireacht go léiríonn SMP **comhleanúnachas inmheánach**. Níl aon fhorluí idir a cholúin agus a réimsí gníomhaíochta, agus díríonn gach colún ar réimsí beartais éagsúla a bhfuil creataí rialála ar leith acu. Le hailíniú le cláir eile de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil, nach ndéantar a ngníomhaíochtaí a dhúbailt le SMP, agus le creat rialála an Aontais, le straitéisí an Aontais agus le cuspóirí níos leithne, cuirtear a chomhsheasmhacht (comhleanúnachas seachtrach) i dtábhacht. Mar sin féin, ní mór roinnt

miondifríochtaí a thabhairt faoi deara toisc gur féidir le cineál trastéamach agus éagsúil SMP níos mó castachta a chur le comhordú foriomlán an chláir, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhleanúnachas na ngníomhaíochtaí.

Léiríonn **Colún 1** comhleanúnachas go hinmheánach agus go seachtrach araon. Tá a ghníomhaíochtaí ailínithe le chéile chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán maidir le SMP a shaothrú agus tá siad ag teacht le straitéisí agus tosaíochtaí foriomlána an Choimisiúin. Mar sin féin, níor chruthaigh comhdhlúthú na ngníomhaíochtaí laistigh den cholún na sineirgí ionchasacha ná na gníomhaíochtaí comhpháirteacha d'ionstraim airgeadais chomhtháite.

Léirítear i **gColún 2** comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach trí shineirgí agus comhar feabhsaithe i measc gníomhaíochtaí suaitheanta amhail na Deasca Cabhrach um Cheart Maoine Intleachtúla. Mar sin féin, tá naisc níos laige le gníomhaíochtaí eile ag gníomhaíochtaí níos lú nó ag gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh leanúnach sin. Cé go n-aithníonn páirtithe leasmhara castacht an chomhordaithe laistigh de struchtúr trastéamach SMP, tairbhíonn an colún de raon níos leithne agus suíomh níos láidre SMP. Le samplaí de shineirgí le colúin eile SMP agus le cláir eile de chuid an Aontais (amhail Fís Eorpach agus tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha), cuirtear i dtábhacht an chaoi a n-ailíníonn an colún le creataí tacaíochta níos leithne agus ar an gcaoi a gcomhlánaíonn sé iad, go háirithe EEN.

Léiríonn **Colún 3** comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach; níor tháinig neamhréireachtaí as línte buiséid a chumasc le haghaidh caighdeánú Eorpach agus tuairisciú airgeadais. Íoslaghdaíonn cineál sonrach a ghníomhaíochtaí an riosca forluí nó coinbhleachta, laistigh den cholún féin agus le colúin eile araon. Tá tacaíocht oibríochtúil SMP don chaighdeánú ailínithe gan uaim le cistiú tionscadal-shonrach ó chláir amhail Fís Eorpach agus LIFE. Neartaíonn sé sin sineirgí agus cuireann sé chun cinn tosaíochtaí an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus an t-aistriú digiteach. Le sainordú nua EFRAG chun ESRS a fhorbairt líontar bearna chriticiúil sa tuairisciú inbhuanaitheachta, agus aird ar leith á tabhairt ar idir-inoibritheacht le caighdeáin dhomhanda chun comhsheasmhacht le creataí idirnáisiúnta a áirithiú.

Léiríonn **Colún 4** comhleanúnachas láidir inmheánach agus seachtrach, lena n-ailínítear a ghníomhaíochtaí le cuspóirí an Rialacháin maidir le SMP agus lena gcomhlánaítear tionscnaimh níos leithne de chuid an Aontais, amhail an Clár Oibre Nua maidir le Tomhaltóirí. Léiríonn obair na dtairbhithe, lena n-áirítear BEUC, Better Finance agus Finance Watch, cur chuige comhoibríoch, lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní ghinearálta tomhaltóirí agus ar shaincheisteanna seirbhísí airgeadais araon. Ina theannta sin, comhlánaíonn an colún colúin eile SMP, amhail Colún 1 maidir le faireachas margaidh agus Colún 3 maidir le caighdeáin a leagan síos. Comhlánaíonn an colún freisin an clár Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach, lena n-áirithítear ailíniú le príomhthosaíochtaí an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht, digitiú agus cosaint tomhaltóirí.

Léiríonn **Colún 5** comhleanúnachas inmheánach láidir ina chodanna maidir le sábháilteacht bia, agus sláinte ainmhithe agus plandaí ag comhlánú a chéile chun sábháilteacht ar fud an bhiashlabhra a áirithiú. Go seachtrach, ailíníonn sé go maith le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus bearta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) trí thionscnaimh amhail cur amú bia a laghdú, úsáid lotnaidicídí a íoslaghdú agus frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR) a chomhrac. Comhlánaíonn an colún cláir eile go soiléir, go háirithe Fís Eorpach agus EU4Health: díríonn gach clár ar ghnéithe

leithleacha ach comhordaithe den talmhaíocht inbhuanaithe, maolú AMR agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Leis sin, déantar an tionchar is mó is féidir a imirt agus seachnaítear dúbláil iarrachtaí.

Léiríonn cuspóirí agus gníomhaíochtaí **Cholún 6** comhleanúnachas láidir inmheánach agus seachtrach, le tacaíocht ó chreataí dlíthiúla lena n-áirithítear staidreamh comhsheasmhach inchomparáide ar fud na mBallstát. Áirithítear leis comhleanúnachas trí chreataí dlíthiúla, comhlachtaí rialachais agus ailíniú le straitéisí an Aontais. Cuireann comhoibriú leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta feabhas ar éifeachtúlacht agus ar chomhsheasmhacht le caighdeáin dhomhanda.

### 3.4. Breisluach Eorpach

Gineann SMP **breisluach** nach bhféadfadh cistiú ar an leibhéal náisiúnta a bhaint amach. Cuireann na gníomhaíochtaí maoinithe é ar a chumas don Choimisiún a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann faoina shainchúram. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais freisin mar gheall ar chineál na ndúshlán agus na riachtanas a bhaineann le feidhmiú an mhargaidh aonair. Agus é sin á dhéanamh, cuireann SMP tairbhí trasteorann agus barainneachtaí scála ar fáil nach bhféadfadh gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin a dhéanamh, agus béim á leagan ar a bhreisluach.

Cuireann **Colún 1** breisluach AE ar fáil trína chur é ar a chumas don Choimisiún a fhreagrachtaí dlíthiúla a chomhlíonadh, ar freagrachtaí iad nach féidir a tharmligean chuig na Ballstáit, agus trí bharainneacht scála a bhaint amach. Le tacaíocht an chláir do sheirbhísí trasteorann, amhail comhordú i measc na n-údarás náisiúnta, forfheidhmiú dhlí an Aontais agus uirlisí comhroinnte TF, soláthraítear tairbhí nach féidir a mhacasamhlú ar an leibhéal náisiúnta. Tá na gníomhaíochtaí sin criticiúil chun an margadh aonair a dhoimhniú, chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun forbairt agus faireachán éifeachtach ar dhlí agus ar bheartais an Aontais a áirithiú. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht go mbeadh gá le foinsí cistiúcháin malartacha de chuid an Aontais chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh gan cistiú SMP.

Léiríonn **Colún 2** breisluach mór AE trí chomhar trasteorann a chothú, foghlaim fhrithpháirteach a chumasú agus tagarmharcáil agus treoir a sholáthar maidir le beartas FBManna nach féidir le cláir náisiúnta a bhaint amach. Deimhníodh go comhsheasmhach sna comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara an luach uathúil a bhaineann le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais maidir le rialáil agus creataí don mhargadh aonair a chomhchuibhiú. Chun dul i ngleic le rannpháirtíocht mhíchothrom i nglaonna agus i dtionscadail, tá iarrachtaí cur chun cinn agus ceanglais chuibhreannais spriocdhírithe anois ar thíortha atá faoi ghannionadaíocht, lena n-áirithítear cuimsitheacht níos leithne agus breisluach marthanach an Aontais.

Soláthraítear le **Colún 3** breisluach mór AE trí thacaíocht leanúnach a áirithiú d'eagraíochtaí Iarscríbhinn III (Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar FBManna, tomhaltóirí, leasanna comhshaoil agus sóisialta sa chaighdeánú Eorpach[3]), a bhraitheann ar chistiú SMP chun leanúint de bheith gníomhach agus cuimsitheach sa phróiseas caighdeánaithe. Gan cistiú ón Aontas, tá riosca ann go ndéanfar athnáisiúnú, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de ghuth aontaithe an Aontais i bhfóraim idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais, rud a laghdódh comhleanúnachas agus éifeachtacht. Tá

[3] An Rialachán maidir le Caighdeánú - 1025/2012 - GA - EUR-Lex.

gníomhaíocht an Aontais fíor-riachtanach chun maoirseacht agus comhordú a dhéanamh, chun iarrachtaí caighdeánaithe a ailíniú le reachtaíocht an Aontais agus le leasanna an phobail, chun ilroinnt an mhargaidh a chosc agus chun caighdeáin ardcháilíochta is infheidhme a áirithiú.

Soláthraítear le **Colún 4** breisluach mór AE trí staidéir agus bailiú sonraí maidir le saincheisteanna tomhaltóirí a chistiú, rud a chuireann é ar a chumas do lucht ceaptha beartas aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, feidhmíocht na mBallstát a thagarmharcáil agus gníomhaíocht forfheidhmithe chomhordaithe a mhúnlú. Tacaíonn SMP le habhcóideacht tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais, rud a áirithíonn ionadaíocht i réimsí amhail seirbhísí airgeadais nach dtabharfaí aghaidh orthu go leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, neartaíonn comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad raon feidhme agus tionchar bheartas tomhaltóirí an Aontais, rud a bhraitheann ar ghníomhaíochtaí comhordaithe sonraíbhunaithe chun dul i ngleic le dúshláin trasteorann agus chun leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn go héifeachtach.

Tá tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí **Cholún 5** ar shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí a chosaint, an pobal a chumhachtú trí fheasacht tomhaltóirí agus comhroinnt eolais agus inbhuanaitheacht níos fearr a sholáthar do chórais bhia. Cuireann sé breisluach mór AE ar fáil trí ghníomhaíochtaí comhordaithe a chumasú i sláinte ainmhithe agus plandaí nach bhféadfadh na Ballstáit a bhaint amach ina n-aonar nó a bheadh ag streachailt le maoiniú. Tacaíonn maoiniú SMP le bearta agus cláir éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta, le bainc vacsaíní (atá criticiúil chun aghaidh a thabhairt ar ghalair ainmhithe agus lotnaidí plandaí trasteorann), agus le huirlisí fíor-riachtanacha amhail saotharlanna tagartha an Aontais agus oiliúint BTSF. Rannchuidíonn na hiarrachtaí sin go mór le feabhas a chur ar acmhainneachtaí rialaithe oifigiúla na mBallstát, le forfheidhmiú a chomhchuibhiú agus le cur chuige comhsheasmhach a áirithiú is gá d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair.

Cuireann **Colún 6** breisluach láidir AE ar fáil do shonraí an Aontais trína neamhchlaontacht, a iontaofacht agus a inchomparáideacht chomhchuibhithe ar fud na mBallstát. Tá feabhas suntasach curtha ag an gcreat láraithe agus ag an dul chun cinn modheolaíochta ar cháilíocht agus ar thráthúlacht sonraí, rud a fhágann gur féidir cinnteoireacht fheasach a dhéanamh. Léiríonn tionscnaimh amhail Deais Staidrimh an Téarnaimh gur féidir leo oiriúnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus neartaíonn deontais agus iarrachtaí comhoibríocha acmhainneacht na mBallstát. Is mór ag páirtithe leasmhara go huilíoch ESP mar gheall ar an ról criticiúil atá aige maidir le staidreamh aontaithe caighdeánaithe a sholáthar atá fíor-riachtanach don cheapadh beartas – rud nach bhféadfadh na Ballstáit a bhaint amach as a gconlán féin. Cuireann ailíniú Eurostat le caighdeáin dhomhanda béim bhreise ar a thábhachtaí atá a ngníomhaíochtaí.

### 3.5. Ábharthacht

Tá cuspóirí SMP agus na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme laistigh dá cholúin uile fós **ábhartha** do riachtanais an mhargaidh aonair agus cruthaíonn siad leibhéal áirithe inoiriúnaitheachta chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus do dhúshláin gan choinne (e.g. COVID-19, an Úcráin), fiú le buiséad measartha beag nár tuaradh an brú boilscitheach ná na teagmhais sin le linn chur chun feidhme an chláir. Méadaíonn ábharthacht an chláir agus dúshláin pholaitiúla atá ag teacht chun cinn á gcur san áireamh, dúshláin a léirítear sna Treoirlínte Polaitiúla nua[4] agus sna tuarascálacha a fuarthas le

[4] Treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh do 2024-2029.

déanaí ó Enrico Letta agus ó Mario Draghi[5]. Mar sin féin, le buiséad measartha an chláir agus leis an ngá atá le hinfheictheacht agus cumarsáid níos fearr maidir le gníomhaíochtaí áirithe, tugtar le fios réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ábhartha do riachtanais an phobail, do ghnólachtaí agus do dhúshláin pholaitiúla an Aontais i gcoitinne.

Tá **Colún 1** fós an-ábhartha toisc go dtacaíonn sé le forfheidhmiú dlí an Aontais, le rialacha iomaíochta, le córais TF agus le grúpaí comhordaithe atá ailínithe le straitéisí agus tosaíochtaí an Choimisiúin. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh tuilleadh fáis ar ábharthacht an cholúin trí rannchuidiú leis an bhfás, le hinfheistíochtaí agus le críochnú an mhargaidh aonair, lena n-áirítear Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a chruthú faoi Threoirlínte Polaitiúla 2024-2029.

Tá cuspóirí agus gníomhaíochtaí **Cholún 2** an-ábhartha. Tá siad ailínithe go dlúth le straitéisí agus tosaíochtaí an Aontais agus le cláir oibre arna bhforbairt bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara chun a áirithiú go dtabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais athraitheacha FBManna agus an mhargaidh aonair. Mar sin féin, d’fhéadfaí feabhsuithe a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí a nascadh go sainráite le cuspóirí i gcláir oibre agus trí gan an iomarca éileamh a chur ar thairbhithe.

Tá **Colún 3** fós ábhartha toisc go bhfuil sé ailínithe go maith le riachtanais an mhargaidh, ag tacú le saorghluaiseacht caipitil laistigh den mhargadh aonair, ag cur borradh faoi iomaíochas chuideachtaí an Aontais i margaí caipitil domhanda, agus ag áirithiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna an Aontais sa phróiseas socraithe caighdeán. Tá gníomhaíochtaí, amhail forbairt caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta EFRAG faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTCI) criticiúil chun dlí an Aontais a chur chun feidhme, tionchar a imirt ar chaighdeánú domhanda agus aghaidh a thabhairt ar thábhacht mhéadaitheach an tuairiscithe inbhuanaitheachta.

Tá **Colún 4** fós an-ábhartha, lena dtugtar aghaidh ar chosaint tomhaltóirí agus ar sheirbhísí airgeadais trí ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an gClár Oibre Nua maidir le Tomhaltóirí agus le tosaíochtaí an Aontais. Tionscnaimh, amhail Consumer PRO, deontais RMD, agus uirlisí TF, amhail Safety Gate agus ransaitheoirí gréasáin r-fhaireachais, tacaíonn siad go héifeachtach le húdaráis forfheidhmithe, tugann siad cumhacht do thomhaltóirí agus áirithíonn siad sábháilteacht táirgí. Tá ról ríthábhachtach ag na tairbhithe Better Finance agus Finance Watch maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Tá méadú ag teacht ar thábhacht a gcuid saineolais in éineacht le fócas an Aontais ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus ar litearthacht airgeadais cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá le níos mó infheictheachta agus acmhainní amach anseo.

Rannchuidíonn **Colún 5** le margadh aonair níos láidre agus níos comhleanúnaí agus tá sé an-ábhartha do riachtanais athraitheacha bhiashlabhra an Aontais. Téann an colún i ngleic le príomh-shaincheisteanna amhail galair atá ag teacht chun cinn, frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, sábháilteacht bia agus cleachtais inbhuanaithe. Chuidigh na bearta éigeandála cómhaoinithe le haghaidh galair ainmhithe agus plandaí leis an ualach ar fheirmeoirí a laghdú. Tá gníomhaíochtaí lena ndírítear ar fhaireachas, ar chigireachtaí saotharlainne agus ar tháirgeadh inbhuanaithe bia ailínithe le beartais níos leithne de chuid an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus an straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an

[5] Tuarascáil Draghi’, Iomaíochas an Aontais: Ag féachaint chun cinn - An Coimisiún Eorpach. ‘Tuarascáil Letta’, Enrico Letta — Much more than a market (Aibreán 2024).

Forc', rud a áirithíonn go leanann siad de bheith ábhartha maidir le dul i ngleic le dúshláin sláinte poiblí agus inbhuanaitheachta.

Tá **Colún 6** fós an-ábhartha. Tá sé ailínithe go dlúth le riachtanais CSE agus páirtithe leasmhara eile trí aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais agus ceanglais sonraí atá ag athrú. Cé gur léirigh CSE inoiriúnaitheacht, go háirithe le linn géarchéimeanna amhail COVID-19 agus an cogadh san Úcráin, cuireann bearnaí sa ghráinneacht sonraí réigiúnach, sa tráthúlacht agus i gcomhtháthú foinsí nua sonraí an gá i dtábhacht atá le nuálaíocht leanúnach agus feabhsuithe chun éilimh bheartais atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh.

### 3.6. Solúbthacht

Tá na tairbhí ionchasacha a bhaineann le clár comhtháite bainte amach go páirteach ag SMP. Tháinig roinnt torthaí dearfacha as acmhainneacht SMP maidir le **solúbthacht**, ach níor baineadh leas as a acmhainneacht iomlán fós. Is méideanna measartha beag a bhí sna haistrithe buiséadacha agus rinneadh iad idir línte buiséid arna mbainistiú ag an roinn chéanna den Choimisiún.

### 3.7. Simpliú

Cé go bhfuil roinnt fianaise ann ón meastóireacht eatramhach, ar an iomlán níl **simpliú** ar leibhéal an chláir ar an leibhéal a bhfuil coinne leis. D'eascair roinnt simplithe as bunús dlí aonair a bheith ann don chlár: ní raibh ar an gCoimisiún ach togra amháin a ullmhú, agus ní raibh ar an bParlaimint ná ar an gComhairle ach rialachán amháin a ghlacadh. Mar sin féin, tá fianaise ar shimpliú eile teoranta toisc go bhfuil gá fós le roinnt coistí agus clár oibre chun réimsí beartais éagsúla a chumhdach.

### 3.8. Sineirgí

Níor tháinig na **sineirgí** a raibh coinne leo ó ghníomhaíochtaí a chomhdhlúthú in aon ionstraim maoinithe amháin chun cinn go hiomlán, d'ainneoin an chomhair ar fud na réimsí beartais, rud a thugann le tuiscint go bhfuil comhar fónta ann idir ranna an Choimisiúin. Rinneadh gníomhaíochtaí comhpháirteacha thar cholúin éagsúla ach d'fhéadfaí níos mó a fhorbairt.

## 4. MOLTAÍ

**D'ainneoin** na **gconclúidí dearfacha foriomlána ag an gcéim mheántéarma seo den chur chun feidhme, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí**. Agus buiséad teoranta an chláir agus a sceideal clársceidealaithe seasta á gcur san áireamh, is dúshlán é freastal ar thosaíochtaí beartais nua gan buiséad atá méadaithe go substaintiúil. Go háirithe, leis an mboilsciú níos airde ná mar a bhí coinne leis, laghdaíodh líon agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh.

Ba cheart leas breise a bhaint as an **bhféidearthacht maidir le solúbthacht, sineirgí agus simpliú** chun an leas is fearr is féidir a bhaint as dearadh uathúil SMP. D'fhéadfadh ranna an Choimisiúin atá freagrach as gach colún SMP imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé níos mó gníomhaíochtaí comhpháirteacha a thionscnamh, amhail oiliúint trascholúin, gníomhaíochtaí soláthair chomhroinnte, ceannacháin choiteanna bunachar sonraí, staidéir chomhpháirteacha, suirbhéanna Eorabharaiméadair, creatchonarthaí agus tionscadail chomhroinnte TF. Ba cheart simpliú a mheas maidir leis an uirlis eGrants.

D'fhéadfaí **bailiú sonraí** i ndáil le baint amach táscairí a chuíchóiriú níos mó. Dá ndéanfaí sonraí a bhailiú ar bhealach níos córasaí ar fud na gcolún uile, d'fhéadfaí bonn eolais níos fearr a chur faoin measúnú ar chur chun feidhme an chláir. Chuirfeadh sé é ar a chumas don Choimisiún bearta ceartaitheacha a ghlacadh chun a áirithiú go bhfreastalóidh na gníomhaíochtaí go héifeachtach agus go héifeachtúil ar bhaint amach na gcuspóirí agus go leanfaidh siad de bheith ábhartha agus comhleanúnach laistigh de SMP agus le tosaíochtaí níos leithne an Aontais.

D'fhéadfaí táscairí áirithe sa **chreat faireacháin agus meastóireachta** a thabhairt cothrom le dáta agus a bheachtú chun iad a oiriúnú níos mó do SMP agus chun feidhmíocht an chláir a léiriú ar bhealach níos fearr. Leis sin, chuirfí feabhas freisin ar bhailiú sonraí, dhéanfaí an creat a ailíniú níos dlúithe leis an loighic idirghabhála, agus ar deireadh chuirfí feabhas ar an measúnú ar chur chun feidhme an chláir, go háirithe le linn na meastóireachta deiridh.

**Colún 1**: Dá ndéanfaí aiseolas a bhailiú níos minice, i gcás inarb ábhartha, ó úsáideoirí seirbhísí amhail An Eoraip Agatsa – Comhairle (YEA) agus Compás Tacsanomaíochta an Aontais, chuirfí feabhas ar fhaireachán ar shástacht úsáideoirí agus ar sholáthar seirbhísí[6]. Dá dtabharfaí isteach córas tuairiscithe aontaithe ar fud na línte buiséid uile, dhéanfaí rianú gníomhaíochtaí, aschur agus torthaí a chuíchóiriú. D'fhéadfadh sé sin deiseanna a nochtadh le haghaidh sineirgí i réimsí amhail soláthar comhpháirteach, oiliúint agus forfheidhmiú comhordaithe ar fud réimsí éagsúla.

**Colún 2**: Le faireachán córasach ar tháscairí aschuir agus toraidh i dtuarascálacha tionscadail, shainaithneofaí na FBManna uile a fhaigheann tacaíocht faoi SMP. Dá ndéanfaí na táscairí sin a nascadh go sainráite leis na cuspóirí sonracha, thabharfaí níos mó soiléireachta maidir le tionchar an chláir. D'fhéadfaí feabhas a chur ar tháscairí toraidh trí shástacht FBManna a nascadh leis an tacaíocht a fhaightear agus le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanann siad. Le suirbhé comhchuibhithe, ba cheart iarracht a dhéanamh sonraí a bhailiú maidir leis an tionchar, mar shampla, ar an bhfás, ar an digitiú agus ar an idirnáisiúnú.

**Colún 3**: Dá gcruthófaí sásraí faireacháin agus aiseolais níos soiléire le haghaidh rannpháirtíocht i bpróisis chaighdeánaithe, chuirfí feabhas ar an tuiscint ar an tionchar a bhíonn ag cistiú ón Aontas (go háirithe eagraíochtaí Iarscríbhinn III) ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Bheadh tionchar mór ar roinnt eagraíochtaí a mhaoinítear chun tacú le caighdeáin tuairiscithe airgeadais agus neamhairgeadais a fhorbairt mura bhfaighidís aon chistiú, rud a chuirfeadh a gcumas leanúint dá ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach do chuspóirí beartais an Aontais i mbaol. Is gá freisin bonn maoinithe na n-eagraíochtaí sin a mhéadú.

**Colún 4**: Is léir ón taithí a fuarthas ar an gclár, cé gur gá táscairí a bheith i bhfeidhm chun aschuir chainníochtúla na dtairbhithe a thomhas, go bhfuil dúshláin ann maidir le cáilíocht nó tionchar na ngníomhaíochtaí a thomhas trí tháscairí cainníochtúla a úsáid. Bhí deacrachtaí airgeadais ag roinnt tairbhithe freisin mar gheall ar bhoilsciú méadaithe nár cumhdaíodh leis na méideanna i ndearadh tosaigh chlár SMP. Chuirfí feabhas ar chomhlíontacht agus ar shábháilteacht táirgí trí níos mó oifigeach faireachais margaidh, comhar níos fearr le húdaráis chustaim, scaipeadh níos tapúla torthaí taighde, agus glaonna níos minice ar chistiú a áirithiú. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag leibhéil éagsúla

[6] Tá sásra aiseolais san áireamh in An Eoraip Agatsa agus reáchtálann sé suirbhé bliantúil aiseolais úsáideoirí.

acmhainní i measc rannpháirtithe deontais ar an leibhéal a baineadh amach le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, go háirithe i gcás ina bhfuil gá le cistiú meaitseála.

**Colún 5**: Trí fheabhas a chur ar chreat faireacháin an chláir trí tháscairí a shocrú, chuideofaí le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí maoinithe a thomhas ar bhealach níos fearr, mar shampla chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thionchar ghníomhaíochtaí Lárionaid Tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh (EURCanna) ar leas ainmhithe. Chuideodh sé sin freisin le measúnú níos fearr a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Tá gá le rochtain ar chúlchiste cúnaimh éigeandála chun cur chun feidhme éifeachtúil beart agus clár éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta a áirithiú.

**Colún 6**: Tá gá le leanúint d’infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua agus i bhfoinsí sonraí nuálacha. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an inoiriúnaitheacht d’fhorbairtí teicneolaíochta tapa, agus tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun tráthúlacht a fheabhsú, moilleanna ar fhoilsiú a laghdú agus tionscnaimh fothaithe acmhainneachta a neartú i measc na mBallstát. Tá gá le tosaíocht a thabhairt d’aschuir staidrimh agus do chomhordú leanúnach le comhlachtaí eile de chuid an Aontais chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go héifeachtúil ar na riachtanais sonraí is criticiúla agus is mó tionchar. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart sásraí níos láidre a fhorbairt chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht úsáideoirí agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais agus ar a dtosaíochtaí, lena n-áirítear aiseolas níos tráthúla agus níos cuimsithí. Meastar go bhfuil sé tábhachtach leanúint de Cholún an Staidrimh Eorpaigh a leagan amach, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí agus a bhuiséad, laistigh d’ollstruchtúr CAI amach anseo, chun a nádúr neamhspleách neamhchlaonta a chur i dtábhacht.